**COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE**
**GALWAY COUNTY COUNCIL**

FOIRM AN FHÓGRA MAIDIR LE COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE DO DHAINGNIÚ ORDÚ CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH ARNA DHÉANAMH FAOI ALT 76 D'ACHT NA dTITHE, 1966, AGUS FAOIN TRÍÚ SCEIDEAL A GHABHANN LEIS AN ACHT SIN, ARNA LEATHNÚ LE hALT 10 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (UIMH. 2), 1960, MAIDIR LEIS AN TALAMH AR FAD, NÓ MAIDIR LE CUID DEN TALAMH, LENA mBAINEANN AN tORDÚ CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH, AR FÓGRA É ATÁ LE FOILSIÚ DE RÉIR ALT 78(1) D'ACHT NA dTITHE, 1966, ARNA LEASÚ LEIS AN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ).

## TALAMH A FHÁIL GO hÉIGEANTACH

**SCÉIM FEABHSÚCHÁIN ACOMHAL UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE AN N59 I mBAILE AN CHEANTAIGH**
**ORDÚ CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH UIMH. 1/ 2024 (Bonneagar Fisiceach)**

Rinne **Comhairle Chontae na Gaillimhe** Ordú Daingniúcháin ar an 27ú lá de Lúnasa 2025, ar Ordú é lena ndaingnítear an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh thuasainmnithe maidir leis an talamh a thuairiscítear gCuid I, Cuid II & Cuid III den Sceideal, ó bhailte fearainn Bhaile an Cheantaigh agus Gort an tSléibhe i gContae na Gaillimhe. Leis an ordú sin, arna dhaingniú amhlaidh, údaraítear do Chomhairle Chontae na Gaillimhe an talamh sin a fháil go héigeantach. Féadfar breathnú ar chóip den ordú, agus den léarscáil dá dtagraítear san ordú, idir 9.00am agus 4.00pm ó Luan go hAoine go huile sna háiteanna seo a leanas:

**Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh**
**Oifig Thionscadal Bóithre na Gaillimhe, Teach Corparáide, Baile an Bhriotaigh, Gaillimh,**
**https://galway.ie/en/services/roads/roadsprojects/n59/**

Tiocfaidh an tOrdú, arna dhaingniú amhlaidh, i ngníomh ag deireadh trí seachtaine tar éis dháta foilsithe an fhógra seo, ach má dhéantar iarratas go cuí ar athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986) chuig an Ard-Chúirt laistigh d'ocht seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo de réir Alt 50 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), féadfaidh an Chúirt -

(a) Le hordú eatramhach, oibriú an Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh, arna dhaingniú amhlaidh, a fhionraí i gcoitinne nó, a mhéid amháin a dhéanann sé difear d'aon mhaoin de chuid an iarratasóra, go dtí go ndéantar na himeachtaí a chinneadh go críochnaitheach.
(b) Más deimhin léi, ar éisteacht an iarratais, nach dtagann an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh, arna dhaingniú amhlaidh, faoi réim chumhachtaí Acht na dTithe, 1966, arna leathnú le hAlt 10 den Acht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2), 1960 (arna ionadú le hAlt 86 dAcht na dTithe, 1966) (arna leasú) nó go bhfuil dochar substaintiúil déanta do leasanna an iarratasóra ós rud é nach ndearnadh aon cheanglas nó aon cheanglais de chuid Acht na dTithe, 1966, a chomhlíonadh, an tOrdú, arna dhaingniú agus arna leasú amhlaidh, a neamhniú i gcoitinne nó a mhéid amháin a dhéanann sé difear d'aon mhaoin de chuid an iarratasóra.

Arna shíniú ag Jean Brann, Rúnaí Contae.